

Níl an cine daonna dáiríre faoin timpeallacht

A chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a dhaoine uaisle, is é an rún atá á phlé againn anseo inniu ná nach bhfuil an cine daonna dáiríre faoin timpeallacht. Táimse agus m'fhoireann go huile is go hiomlán ar son an rúin seo agus tá súil agam go mbeidh sibh ar aon intinn linn nuair a chloisfidh sibh mo chuid argóintí. Labhróidh mise i dtosach faoin míshuaimhneas/neamhchinnteacht maidir le téamh domhanda mar aon le tábhacht an fuinneamh inathnuaithe inár **sochaí nua-forbartha** (newly-developed society). Ansin labhróidh mo chomrádaí, Liam faoin nasc idir taisteal agus truailliú aeir chomh maith leis na **speicis éagsúla** (various species) atá ag **dul i léig** (decline) de bharr **leithleas an chine daonna** (selfishness of human kind). Agus ar deireadh déanfaidh Sarah plé ár **lorg carbóin** (carbon footprint) agus é ag ardú in aghaidh na bliana.

Is ceist **achrannach** (difficult/intricate) í fadhb na timpeallachta atá i mbéal an phobail le fada an lá. Is léir do chách go bhfuil an fhadhb seo ag dul in olcas le tamall anuas, **Níl teorainn leis** (there's no limit to) na scéalta uafásacha atá le cloisteáil ar an nuacht maidir le truailliú sna farraigí, bruscar a chaitear go míchúramach timpeall na tíre, **gásanna nimhneamha** (poisonous gasses) a scaoiltear ó mhonarchana/tionscail mhóra srl. Ach cad go díreach í an timpeallacht agus cén fáth go bhfuil sí mar **fhoinse buairte** (source of worry) d'eolaithe mar aon le ceannairí polaitíochta. Dar liomsa is í an timpeallacht gach gné den nádúr ; aer, uisce, plandaí, cnoic mar aon leis na cathracha agus bailte ina mbíonn an cine daonna ina chónaí. Tá an timpeallacht an-tábhachtach go deo do phobal na tíre seo agus do mhuintir an domhain mhóir agus dá bharr **tá sé de dhualgas orainn** (it's our duty to) ár dtimpeallacht (timpeallacht ár sinsir) a chosaint, chomh maith le haire a thabhairt di. Ach **caithfidh mé a admháil** (I have to admit) go bhfuil sé feicthe agamsa go bhfuil go leor daoine beag beann ar an timpeallacht. Caithfear an meon **ainbhiosach** (ignorant), leithleasach seo a athrú nó ní bheidh timpeallacht ar bith fágtha dár **sliocht** (descendants).

A chairde, cloistear go leor cainte sa lá atá inniu ann faoi 'théamh domhanda'. Ní haon eolaí mé agus tá a fhios agam go bhfuil an timpeallacht i mbaol uaidh. Feictear an stoirmiúlacht breise, báisteach trom, gaotha láidre ag teacht go díreach le **tuairisciú na saineolaithe** (expert's

reports/accounts) le blianta beaga anuas. **Táthar ag tuar** (they are predicting) go n-ardóidh leibhéal na bhfarraigí mar thoradh ar leá na gcaipí oighir.

Ach feictear domsa nach bhfuil muintir an domhain ró-bhuartha faoin m**bagairt** (threat) seo – iad ag leanúint ar aghaidh lena **nósanna dochracha** (damaging/harmful habits). Tá an Roinn Oideachais in Éirinn fiú tar éis caomhnú an chomhshaoil **a shníomh isteach** (weave into) i curaclam na hArdteiste agus an tSraith Shóisearach. Munár féidir dul i gcionn ar an gcine daonna chun éifeachtaí téamh domhanda a chasadh ar ais (reverse), níl aon dóchas agam do thodhchaí ár sleachta.

A Shíle, dúirt tusa go bhfuil an oiread á dhéanamh ag daoine óga an comhshaoil a chosaint – ar nós sopanna paipéar. An bhfuilimid ag maireachtáil ar an bplainéad céanna ? Ná habair liom go bhfuil cúpla cupán agus sop paipéar chun **astaíocht carbón** (carbon emissions) ollmhóra na hÉireann a laghdú nó fiú fós éifeachtaí téamh domhanda a chasadh ar a cheann amháin. **Aithním** (I recognise) gur céim í seo sa treo ceart ach níl sé sách éifeachtúil/mór go leor. De réir staitisticí ní dhéanann sopanna suas ach 1% de tháirgí plaisteacha an domhain. Iarraim oraibh, caithfear rud éigin níos suntasaí a dhéanamh – ar nós **ár spléachas ar bhreoslaí iontaise a laghdú** (reduce our dependency on fossil fuels). Anseo in Éirinn tá cumhacht na bhfarraigí thart timpeall orainn, agus ba chóir go mbeidh muid mar **cheannródaithe i bhforbairt na teicneolaíochta glaise** (pioneers in the development of green energy) seo. Chomh maith le himpleachtaí dearfacha don timpeallacht d’fhéadfadh **foinsí fuinnimh inathnuaite** (sources of renewable energy) cosúil le fuinneamh geoiteirmeach, gaoithe, taoide, bithbhreosla srl., **bochtanas cumhacht** (energy poverty) sa tír seo a réiteach mar aon le IDE (Infheistíocht Díreach Eachtrach) nua a mhealladh chun bunú in Éirinn. Tá deis againn infrastruchtúr/ bonneagar na tíre seo **a oiriúnú** (adapt) chun todhchaí glas agus dearfach a chinntiú. Níor cheart go mbeadh an cine daonna sa todhchaí ag fulaingt de bharr mhífhreagracht ár linne.

A dhaoine uaisle gan tagairt a dhéanamh don **truailliú atmaisféarach** (atmospheric pollution), is léir don dall go bhfuil fadhb ollmhór in Éirinn maidir le truailliú talún agus uisce. Tá bailte agus cathracha na hÉireann mílte le bruscar. Bíonn buidéal bhriste, cannaí folamha, malaí plaisteacha agus guma coganta caite go forleathan ar na sráideanna. Anuas ar seo, tá na haibhneacha truailithe le **séarachas** (sewerage) agus brúscar. Ní haon ionadh go bhfuil eagraíochtaí ar nós ‘Tidy Towns’ ag iarraidh bailte/pobail timpeall na hÉireann a dhíriú ar chosaint agus caomhnú an chomhshaoil. Mar bharr ar an donas tá fadhbanna cosúil le **dífhoraoisiú** (deforestation) agus

radaíocht (radiation) mar fhoinsé imní. **Tá géarghá le gníomhaíocht fhiúntach** (there is an urgent need for serious worthwhile action) chun timpeallacht agus **tírdhreach** (landscape) álainn na hÉireann a chaomhnú – ach nílim cinnte gur chóir go mbeadh an fhreagracht uilig sin ag an gcine daonna santach.

Faraor a chairde, tá an t-am ag sleamhnú agus tá sé in am agam deireadh a chur le mo chuid cainte . Tá súil agam gur thug mé ábhar machnaimh daoibh agus go n-aontaíonn sibh le mo chuid tuairimí . ‘Ar scáth a chéile a mhairimid’ a deir an seanfhocal - ach ní cheapaim go dtuigeann an cine daonna inniu tábhacht é sin. Ní hionann ceart agus neart áfach agus táim ag ceapadh go bhfuil ceart ar mo thaobhsa nuair a deirim nach bhfuil an cine daonna dairíre faoin timpeallacht. Go raibh míle maith agaibh as ucht na héisteachta a thug sibh dom.